

## ❖ An Lúibín ❖

9 Márta 2007

### **Moltaí gan toradh**

*Fundamental reforms in the teaching of Irish have been greeted coldly by the bureaucrats.*

Leanann scéal scéal. Mar a dúradh ar an eagrán deireanach, tá sé molta ag Conradh na Gaeilge, Aontas na Mac Léinn agus Aontas na Mac Léinn Iar-Bhunscoile go mbeadh dhá chúrsa Gaeilge ann don Ardteist agus go múiní ábhar amháin eile trí Ghaeilge sna bunscoileanna. Moladh freisin go gcaithfeadh gach ábhar múinteora bunscoile bliain ag foghlaim trí Ghaeilge amháin. Deir an Roinn Oideachais (dream atá ródhílis do nósanna na sinsear) nach ndéanfar aon athrú ar an socrú atá anois ann – i.e. trí seachtaine a bheith le caitheamh sa Ghaeltacht ag múinteoirí nua mar chuid dá gclár réamhsheirbhíse, cé nach bhfuil aon fhianaise ann go gcuireann seal chomh gairid sin feabhas ar bith ar an mbeagán Gaeilge a thug a bhformhór leo ón meánscoil.

Níl an Roinn dobhogtha, bail ó Dhia uirthi. Cuireadh in iúl go bhfuil siollabais Ghaeilge do na meánscoileanna á meas ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ach ní fios an ndéanfar gníomh dá réir. Níl an Roinn míshásta leis an moladh go múiní ábhar breise trí mheán na Gaeilge, ach níl sí chun tabhairt ar scoileanna é a dhéanamh ach oiread.

Is cosúil go bhfuil an ceart ag Ard-Rúnaí Chumann Múinteoirí Éireann agus é á rá (*Lá* 13/2/07) gur léir le fada cé na deacrachtaí a bhaineann le múineadh na Gaeilge, agus nár chuir an Roinn aon airgead isteach i múineadh na teanga ó na 60í i leith. Rinne sé tagairt do staidéar a rinne an Cumann sna 80í ar an scéal agus a chuir siad faoi bhráid na Roinne, staidéar nár tugadh aird ar bith air.

Tá na dea-scéalta ann. Tá 33,000 dalta á múineadh trí Ghaeilge anois, an chuid is mó díobh sna bunscoileanna. Cuireann na meánscoileanna lánGhaeilge neart daltaí ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal. Ag an am céanna, tá caighdeán na Gaeilge sna gnáthscoileanna ag dul in olcas i gcónaí. Tá na Gaelscoileanna ag tógáil an chuid is mó de na múinteoirí a bhfuil Gaeilge ar a dtail acu, agus sna Gaelscoileanna féin níl na príomhoidí sásta i gcónaí le Gaeilge scríofa na múinteoirí céanna.

Níl rath na Gaeilge thar lear ag brath go hiomlán ar rath na Gaeilge in Éirinn, ach ba threise an teanga i ngach áit dá mbeadh greim maith ag daltaí na hÉireann uirthi ag fágáil na scoile dóibh. A mhalairt de scéal atá ann anois agus is follasach nach mór an fonn atá ar an Roinn trioblóid agus duainéis a tharraingt uirthi féin. Ní slat draíochta iad na leasuithe oideachais ach ní bheidís gan tairbhe éigin. Fonn simplí atá ar *An Lúibín* – deis a bheith againn comhrá a dhéanamh i nGaeilge le cibe droimphacadóirí fáin ó Éirinn a chasfaí orainn i ndeisceart an domhain. Is léir nach bhfuil rún ag an Roinn dlús a chur leis an gcomhrá céanna.





hollscoileanna agus forais oideachais i gcoitinne ag brath chomh mór sin anois ar an airgead a íocann na mic léinn chéanna. Agus ní airgead beag é – na milliúin dollar in aghaidh na bliana.

Ní deacair a thuiscint cén fáth nach bhfuil lucht ollscolaíochta sásta an scéal a phlé os ard. Tá stair ghránna ag an Astráil maidir le fuath do chiníocha eile, agus cé go bhfuil dearcadh eile ar fad ag formhór na ndaoine anois, a bhuíochas sin ar an inimirce, ar an oideachas agus ar an taisteal, is leas le léachtóirí droch-chlú a tharraingt orthu féin le caint mhístuama.

Ach scéal é nach féidir a mhúchadh, agus le déanaí thosaigh an díospóireacht arís ar an raidió, ar an teilifís agus ar na nuachtáin. Féach, mar shampla, an t-alt a scríobh an tOllamh Christopher Ziguras don nuachtán *The Australian* (14/2/07), áit a ndearna sé tagairt do thaighde a thaispeánann nach raibh Béarla a ndóthain ag an trú cuid de na mic léinn a fuair cead buanchónaithe san Astráil in 2005-06 tar éis dóibh céim Astrálach a fháil.

Chun víosa ard-oideachais a fháil caithfidh mic léinn ón iasacht marcanna arda a fháil i scrúdú teanga. Má tá siad anseo cheana is féidir leo víosa den saghas sin a fháil gan triail, agus sin é an rud (dar le Ziguras) is mó is bun leis an bhfadhb. Sa bhliain 2002 rinne Ard-Iniúchóir Stát Victoria suirbhé a thaispeáin nár shíl ach 30% de léachtóirí go raibh Béarla maith ag a gcuid mac léinn idirnáisiúnta. (Leis an gcothrom a dhéanamh, bhí drochmheas acu freisin ar Bhéarla 25% de na mic léinn Astrálacha. Ní mór a lua freisin gur fearr an Béarla foirmiúil atá ag daoine óga Shiongapóir, mar shampla, ná mar atá ag a leithéidí san Astráil.) Mhol an tArd-Iniúchóir go ndéanfaí taighde ar na bealaí ar fhoghlaim mic léinn eachtrannacha a gcuid Béarla chun na fadhbanna a aithint agus a fhuascailt. Ní dheanadh dada.

An té a chuireann isteach ar víosa ard-oideachais Astrálach i dtír iasachta caithfidh sé 6 a ghnóthú sa scrúdú IELTS (*International English Language Testing System*). Ach tagann mórán mac léinn anseo ina ndaltaí meánscoile nó chun cúrsa Béarla a dhéanamh. Má dhéantar áit ollscoile a thairiscint dóibh agus iad anseo ní gá dóibh an scrúdú IELTS a dhéanamh. (Admhaíonn na saineolaithe nach cóir IELTS a úsáid leis féin sna cúrsaí seo, ach slat tomhais choitianta is ea é.)

Cuireann an chuid is mó de na hollscoileanna bealaí ar fáil do na mhic léinn sin lena gcuid Béarla a fheabhsú. Deir na hollscoileanna gurb ionann caighdeán a gcúrsaí Béarla féin agus caighdeán IELTS, ach is beag fianaise atá ann gurb amhlaidh atá an scéal. Déanann a lán forais bheaga léinn socrú le coláistí príobháideacha chun an oiliúint sin a thabhairt, rud a fhágann gur beag smacht atá ag na forais féin ar an ngnó.

Deirtear go bhfuil fuascailt na faidhbe le fáil i dtriail neamhspleách do gach mac léinn idirnáisiúnta lena dheimhniú go bhfuil siad go léir in ann caighdeán IELTS a bhaint amach. Ach, mar a deir Ziguras, caithfidh gach ollscoil é sin a dhéanamh nó seachnóidh mic léinn aon ollscoil a thabharfadh orthu breis airgid a íoc chun dul faoi scrúdú dian.

Dá mbeadh iachall ar dhaoine scrúdú neamhspleách a dhéanamh chun víosa ardoideachais a fháil, cuma más anseo nó thar lear é, b'fhearrde na hollscoileanna agus na mic léinn araon é. De réir mar atá an scéal anois, tá leatrom á dhéanamh ar mhic léinn a gceadaítear dóibh céim a bhaint amach agus gan iad inniúil ar an obair cheal Béarla. Agus tá dochar á dhéanamh ag na hollscoileanna dóibh féin toisc go gcaillfidh a gcuid céimeanna a gclú – rud nach bhfuil siad sásta a admháil fós. Áitítear gur chóir dóibh na mic léinn is binne Béarla amháin a ligean chucu agus a thabhairt ar an gcuid eile caighdeán ard a bhaint amach. Bheifí ag súil go mbeadh scoth Síneise ag eachtrannach a bhí ag déanamh staidéir i mBeijing.

Tá baint aige seo le cnámh spairne eile – tionchar na tráchtála ar an léann. Ní sholáthraíonn an rialtas ach timpeall an trú cuid de chostas na n-ollscoileanna agus caithfidh siad an chuid eile a sholáthar dóibh féin. Sna Stáit Baineann na hollscoileanna is saibhre tairbhe as féile na dtóicthe trí iontaobhais agus eile, agus ansin féin tá cúrsaí gnó ag milleadh neamhspleáchas

an léinn. San Astráil tá na hollscoileanna ar a seacht ndícheall ag mealladh na mílte i dtíortha eile chun an bhris a thabhairt isteach, agus gan aird acu ar aon rud seachas ar an mbrabach. Ach i ndeireadh na dála is iad na hollscoileanna féin a chaithfidh aghaidh a thabhairt ar an scéal mar atá – ar a son féin agus ar son na ndaoine óga a thagann i dtír ar lorg léinn.



### **Cló Iar-Chonnachta**

*One of the most successful publishing houses in Ireland is devoted to works in the Irish language.*

Sa bhliain 1985 a cuireadh Cló Iar-Chonnachta ar bun: [www.cic.ie](http://www.cic.ie). Is é an scríbhneoir Mícheál Ó Conghaile a rinne an gníomh in aois a thrí bliana is fiche agus é ina mhac léinn ollscoile. Ó shin i leith tháinig timpeall 300 leabhar ón gcomhlacht agus os cionn 150 albam ceoil. Deir siad féin go bhfuil siad ar na foilsitheoirí is bisiúla sa tír. Ach is é an rud is mó a thugann léargas ar an meas atá acu orthu féin an méid a leanas:

Is mar choimirceoir, mar phatrún agus mar chaomhnóir ar chultúr na Gaeilge agus na Gaeltachta a fheidhmíonn CIC. Tuigeann muid an mhórhábhacht a bhaineann le caomhnú an tsaibhris chultúir seo, agus is é an aidhm atá againn spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do cheoltóirí agus do scríbhneoirí agus ardán náisiúnta a thabhairt dá nguthanna.

Is deacair a shamhlú go gcuirfeadh foilsitheoirí Fraincise, Gearmáinise nó Béarla síos orthu féin ar an dóigh sin. Ní gá dóibh é a dhéanamh: tá a gcultúr slán agus is féidir leo aird a thabhairt gan náire ar an tráchtáil, cé nach bhfuil siad glas ar chorrthagairt a dhéanamh do chúrsaí cultúir agus iad ag moladh a gcuid údar nó ag cur isteach ar dhuaiséanna. Deimhniú cultúir agus gníomh polaitiúil is ea rud a scríobh nó a fhoilsiú i nGaeilge, go fiú más duine thú a sheachnaíonn an pholaitíocht; ar an dóigh sin ní mór an difríocht atá idir an lá inniu agus an bhliain 1900 i ngeall ar fheidhmiú na litríochta.

Más saghas cogaidh atá ar siúl ag Cló Iar-Chonnachta, tá siad gléasta chuige: filíocht, gearrscéalta, úrscéalta, leabhair don aos óg agus leabhair eile do dhaoine fásta, agus roinnt leabhar Béarla san áireamh. Tá cuid de na leabhair le fáil ar dhlúthdhioscaí nó ar chaiséid. Is mór an dúil a bhí ar Chló Iar-Chonnachta riamh sa cheol traidisiúnta, go háirithe amhránaíocht ar an sean-nós, agus neart amhránaithe agus eile curtha ar téip acu; agus sin gan trácht ar cheol cajun agus ar cheol na Gàidhlig.

Tá eolas ar an suíomh Idirlín faoin gcomhlacht, faoi na húdair agus faoi na ceoltóirí. Tá liosta ann de leabhair a bheadh oiriúnach do ghrúpaí léitheoireachta, liosta a thugann léargas ann féin ar an méid atá le léamh i nGaeilge – úrscéalta, bailiúcháin ghearrscéalta, beathaisnéisí, leabhair thaistil agus ‘eile’ (ar nós *An tOileánach*). Na fir chun tosaigh, ar ndóigh (agus faraor). Seo sampla den saibhreas: *Aistriú* le Siobhán Ní Shúilleabháin, *Lámh Láidir* le Joe Steve Ó Neachtain, *Sobalsaol* le Pádraig Standún, *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny* le Mícheál Ó Conghaile, *As na Cúlacha* le Pádraic Breathnach, *Uaigheanna agus Scéalta Eile* le Daithí Ó Muirí (duine de na scríbhneoirí Gaeilge is suimiúla), *Máire Mhic Ghiolla Íosa* le Ray Mac Mánaís, *Ólann mo Mhiúil as an nGainséis* le Gabriel Rosenstock, *Seal i Neipeal* le Cathal Ó Searcaigh, *Dúnmhárú sa Daingean* le Eilís Ní Dhuibhne agus *Sionnach ar mo Dhuán* le Breandán Ó hEithir. (Foilsitheoirí eile a chuireann cuid díobh seo amach, agus tá neart eile ann.)

Tá áis ar an suíomh ar chuireamar suim ar leith ann - ‘fóram’ a ligeann duit do chuid tuairimí faoin saol agus faoin litríocht a chur in iúl.

An leabhar ba rogha leis *An Lúibín* a léamh i mbliana is é an ceann seo é: *Mise an fear ceoil: Séamas Ennis – Dialann Taistil 1942-1946* é (Ríonach Uí Ógáin a chuir in eagar). Scéal fir neamhchoitianta – an-bhailitheoir, an-phíobaire, amhránaí agus scéalai.





DÁTAÍ

Domhnach Cásca, 8 Aibreán, 6.00p.m.  
go dtí Luan Cásca, 9 Aibreán 2007 ag 5.00p.m.  
san Óstán Meadowlands, Trá Lí

Clárú & cóipeanna  
den saothar is mian leat a phlé go dtí:  
43 Na Cluainte, Trá Lí, [faoin 21 Márta ar a dhéanaí.](#)

R-phost: [feasta@eircom.net](mailto:feasta@eircom.net)

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun: [colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au)**

*If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to [colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au)*